Leannán gráidh chliar an chruine

[Carney, James: *Poems on the O’Reillys*, Dublin, 1950, poem 2]

Acephalous

1 Leannán gráidh chliar an chruine
gontar ar áth n-iorghaile,
thuilg sa chruine mar do chuir,
na huird uile fa énghuin.

2 Fan ghuin-sin oighre Aodha
gontur ríoghna rochaomha
[damhna guil dúnn agus dí]
a bhfuil go rún a Róise.

3 Guin Filib do mhothaigh mé,
gé mó do mhearaigh Róise;
guais leam cneasghuin a chinidh,
easbhaidh ar gach éinfhilidh.

4 Guin ó fhoghlaidh ina ucht
do ghon inghean Chon Chonnucht:
re leigheas di ar fhear da fhuil,
ní cneadh í mur gach énghuin.